AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.10.2017
COM(2017) 565 final

2017/0247 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Foras agus cuspóirí an togra**

Is é is cuspóir don togra seo an méid acmhainní atá ar fáil le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 91(1) agus Airteagal 92(1) agus (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013[1], agus an miondealú bliantúil ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (leithreasuithe gealltanais) a léirítear in Iarscríbhinn VI, a chur in oiriúint do na cinntí a glacadh ó glacadh an Rialachán sin. Ar an gcéad dul síos, na méideanna a chur in oiriúint don toradh a bhí ar an gcoigeartú teicniúil a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 92(3) den Rialachán sin; ar an dara dul síos, na haistrithe éagsúla a léiriú a cinneadh de bhun Airteagal 25, Airteagal 93 agus Airteagal 94 den Rialachán sin agus a dhéanfaidh difear do na méideanna foriomlána in aghaidh na bliana; ar an tríú dul síos, an méadú ar an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (TFAO) a léiriú, is é sin méadú idir seo agus 2020, trí EUR 1.2 billiún i bpraghsanna reatha a chur leis an leithdháileadh sonrach dó, a dteastaíonn EUR 1.2 billiún, ar a laghad, a chur leis as infheistíocht spriocdhírithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE); agus, ar an gceathrú dul síos, aistriú roinnt de na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí ón mbliain 2014 chuig blianta ina dhiaidh sin, toisc cláir nua a bheith glactha tar éis an 1 Eanáir 2015, an t-aistriú sin a léiriú. Rinneadh tagairt cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún[2] do na torthaí a bhí ar an gcoigeartú teicniúil agus do na haistrithe a cinneadh de bhun Airteagal 25, Airteagal 93 agus Airteagal 94.

Léirítear sa togra freisin go raibh an Chipir le bheith incháilithe athuair chun tacaíocht a fháil ón gCiste Comhtháthaithe agus nach mbeadh sí le tacaíocht a fháil a thuilleadh ón gCiste Comhtháthaithe ar bhonn idirthréimhseach agus sonrach ón 1 Eanáir 2017. Tugadh aghaidh air sin cheana i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1916 ón gCoimisiún[3].

---

1 Rialachán (AE) Uimh. 2016/2135 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2016 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe i dtaca le bainistiú airgeadais i gcomhair Ballstáit áirithe a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha acu nó a bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha ag bagairt orthu i ndáil lena gcobhsaíocht airgeadais (IO L 338, 13.12.2016, lch. 34).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/190/AE lena leagtar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, agus miondealú bliantúil na n-acmhainní ón leithdháileadh sonrach don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg de réir an Bhallstáit, mar aon le liosta na réigiún atá incháilithe, agus na méideanna de leithdháiltí gach Ballstáit leis an gCiste Comhtháthaithe agus na Cistí Struchtúracha atá le haistriú chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus chuig an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí don tréimhse 2014 go 2020 (ar tugadh fógra ina leith faoi C(2016) 6909) (IO L 299, 5.11.2016, lch. 61).

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1916 ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/99/AE lena leagtar amach liosta de na réigiúin a bheidh incháilithe do chistiú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus de na Ballstáit a bheidh incháilithe do chistiú ón gCiste Comhtháthaithe don tréimhse 2014 go 2020 (ar tugadh fógra ina leith faoi C(2016) 6820) (IO L 296, 1.11.2016, lch. 15).

Is é an bunús leis an gcoigeartú teicniúil Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[4] d'fhonn cás an-deacair na mBallstát atá thíos leis an ngéarchéim a chur san áireamh agus d'fhonn athscrúdú a dhéanamh in 2016 ar an leithdháileadh iomlán faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

Leagtar amach in Airteagal 25 sásra maidir le cúnamh teicniúil a bhainistiú do Bhallstáit a bhfuil deacrachtaí buiséadacha sealadacha acu, i.e. cuid den chúnamh teicniúil sin a aistriú go cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Ar choinníollacha áirithe, ceadaítear le hAirteagal 93 acmhainní a aistriú idir catagóirí réigiún agus ceadaítear le hAirteagal 94 acmhainní a aistriú idir na spriocanna.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is toradh é an togra seo ar an méid seo a leanas: forálacha Airteagal 92(3) maidir leis an athbhreithniú ar leithdháiltí an bheartais comhtháthaithe don tréimhse 2017 go 2020; na cinntí maidir le hacmhainní a aistriú idir catagóirí agus spriocanna faoi Airteagal 93 agus Airteagal 94; an cinneadh síneadh a chur le TFAO chun an tréimhse 2017 go 2020 a chuimsiú; agus an cinneadh roinnt leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí ón mbliain 2014 a aistriú chuig blianta ina dhiaidh sin.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le tograí agus le tionscnaimh eile a ghlac an Coimisiún Eorpach mar fhreagairt ar an ngéarchéim airgeadais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Foráiltear le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 go ndéanfaidh an Coimisiún, in 2016, ina choigeartú teicniúil don bhliain 2017 agus i gcomhréir le hAirteagal 4 agus Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, athbhreithniú ar na leithdháiltí iomlána faoin sprioc 'Infheistíocht le haghaidh fáis agus post' de gach Ballstát le haghaidh 2017-2020, agus an modh leithdháilte a leagtar amach i mír 1 go mír 16 d'Iarscríbhinn VII á chur i bhfeidhm ar bhonn an staidrimh is déanaí atá ar fáil.

An t-athbhreithniú sin ar na leithdháiltí iomlána, léiríonn sé freisin na torthaí a bhí ar aistrithe áirithe:

Leagtar amach in Airteagal 25 sásra maidir le cúnamh teicniúil a bhainistiú do Bhallstáit a bhfuil deacrachtaí buiséadacha sealadacha acu, i.e. cuid den chúnamh teicniúil sin a aistriú go cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

Ar choinníollacha áirithe, ceadaítear le hAirteagal 93 acmhainní a aistriú idir catagóirí réigiún agus ceadaítear le hAirteagal 94 acmhainní a aistriú idir na spriocanna.

An t-athbhreithniú ar na leithdháiltí iomlána, léiríonn sé freisin an síneadh atá á chur le TFAO chun an tréimhse 2017 go 2020 a chuimsiú.

[4] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

Ar deireadh, maidir leis an miondealú bliantúil athbhreithnithe in Iarscríbhinn VI, léiríonn sé an leasú a rinneadh i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle roinnt leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí ó bhliain 2014 a aistriú chuig blianta ina dhiaidh sin.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Comhlíonann an togra prionsabal na coimhdeachta sa mhéid gur toradh teicniúil atá ann ar chur chun feidhme na bhforálacha a leagtar amach in Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ar chur i bhfeidhm Airteagal 93 agus Airteagal 94 agus ar an gcinneadh síneadh a chur le TFAO chun an tréimhse 2017 go 2020 a chuimsiú.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar na coigeartuithe teicniúla is gá a dhéanamh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: leasú ar an rialachán atá ann faoi láthair.

Tá iniúchadh déanta ag an gCoimisiún i dtaobh na ndeiseanna atá ann faoin gcreat dlíthiúil agus tá sé den tuairim gur gá Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní dhearnadh aon mheastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní raibh aon chomhairliúchán le páirtithe leasmhara seachtracha ann.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor ghá saineolas seachtrach a úsáid.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní tionscnamh é seo atá faoi chuimsiú an Chláir um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT).

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon impleachtaí ag an togra seo do chosaint na gceart bunúsach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Beidh tionchar ag an togra seo ar na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí de thoradh na glanéifeachta dearfaí atá cothrom le EUR 4 billiún (i bpraghsanna 2011) den choigeartú teicniúil dá bhforáiltear le hAirteagal 92(3) agus leis an gcinneadh maidir le TFAO a mhéadú,

idir seo agus 2020, trí EUR 1.2 billiún i bpraghsanna reatha a chur leis an leithdháileadh sonrach do TFAO, a dteastaíonn EUR 1.2 billiún, ar a laghad, a chur leis as infheistíocht spriocdhírithe ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Tiocfaidh de na hacmhainní breise sin gá le leithreasuithe íocaíochta breise sna blianta 2018 go 2020.

Déantar na huasteorainneacha maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe íocaíochta faoi cheannteideal 1B a mhéadú, dá bhrí sin, de réir mar a tugadh le fios sa Teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa [COM(2016) 311 final] maidir leis an gCoigeartú Teicniúil den chreat airgeadais do 2017 i gcomhréir le gluaiseachtaí ollioncaim náisiúnta agus leis an gcoigeartú ar imchlúdaigh an bheartais comhtháthaithe. Ós rud é go meastar gur i ndiaidh na bliana 2020 a tharlóidh an mhórchuid de na híocaíochtaí a bhaineann leis an méadú seo ar leithreasuithe, tá teorainn fós leis an méadú ar na huasteorainneacha íocaíochta.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I bhfianaise Airteagal 7 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle, bhí ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh in 2016 ar na méideanna iomlána a leithdháiltear ar na Ballstáit faoin sprioc "Infheistíocht le haghaidh fáis agus post" den bheartas comhtháthaithe don tréimhse 2017 go 2020, tríd an modh leithdháilte a leagtar síos sa bhunghníomh ábhartha (Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013) a chur i bhfeidhm ar bhonn an staidrimh is déanaí atá ar fáil agus ar bhonn na comparáide, i gcás na mBallstát caidhpeáilte, idir an olltáirgeacht intíre náisiúnta charntha a breathnaíodh do na blianta 2014-2015 agus an olltáirgeacht intíre náisiúnta charntha don tréimhse chéanna a measadh in 2012. Rinneadh na leithdháiltí sin a choigeartú aon uair a raibh éagsúlacht charnach de níos mó ná +/- 5% ann. Ag an am céanna, rinneadh na critéir incháilitheachta don Chiste Comhtháthaithe a athbhreithniú agus i gcás ina dtiocfaidh Ballstát chun a bheith incháilithe athuair don Chiste Comhtháthaithe déanfar na méideanna sin a chur leis na cistí a leithdháileadh ar an mBallstát lena mbaineann maidir leis na blianta 2017 go 2020.

Cuimsíonn an t-athbhreithniú na heilimintí seo a leanas:

a) I gcás na mBallstát uile, athbhreithniú ar na leithdháiltí don tréimhse 2017 go 2020 ar bhonn an staidrimh is déanaí atá ar fáil agus tríd an modh céanna a úsáid agus a úsáideadh nuair a bunaíodh na leithdháiltí bunaidh a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 go mír 16 d'Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013;

b) I gcás na mBallstát caidhpeáilte (an Bhulgáir, an Eastóin, an Chróit, an Ungáir, an Liotuáin, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic), comparáid idir na leibhéil d'olltáirgeacht intíre a breathnaíodh do na blianta 2014 agus 2015 agus na leibhéil a tuaradh don dá bhliain sin in 2012;

c) Athbhreithniú ar na critéir incháilitheachta don Chiste Comhtháthaithe ar bhonn an ollioncaim náisiúnta in aghaidh an duine don tréimhse 2012 go 2014 i gcomparáid le meán na 27 mBallstát.

Is é an toradh a bhí ar an athbhreithniú sin éagsúlacht charnach de níos mó ná +/– 5 % idir na leithdháiltí iomlána agus na leithdháiltí athbhreithnithe sa Bheilg, i bPoblacht na Seice, sa Danmhairg, san Eastóin, in Éirinn, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil, sa Chipir, san Ísiltír, sa tSlóivéin, sa tSlóvaic, san Fhionlainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe. Rinneadh an coigeartú ar acmhainní gach tíre a fhoilsiú sa Teachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa [COM(2016) 311 final] maidir leis an gCoigeartú Teicniúil ar an gcreat airgeadais do 2017 i gcomhréir le gluaiseachtaí ollioncaim náisiúnta agus leis an gcoigeartú ar imchlúdaigh an bheartais comhtháthaithe.

Is é an toradh a bhí ar an athbhreithniú ar na critéir incháilitheachta don Chiste Comhtháthaithe go raibh cás amháin ann inar athraíodh stádas incháilitheachta Ballstáit, is é sin an Chipir, a bheidh lán-incháilithe do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe sa tréimhse 2017 go 2020, rud a fhágann leithdháileadh breise EUR 19.4 milliún don tír sin.

I gcomhréir le hAirteagal 94(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ghlac an Coimisiún togra a thíolaic an Danmhairg maidir le cuid dá leithreasuithe le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh a aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.

Ar deireadh, chinn an Chomhairle an 20 Meitheamh 2017 síneadh a chur le TFAO go dtí 2020 agus go bhféadfaí EUR 1.2 billiún i bpraghsanna reatha a chur leis an leithdháileadh sonrach do TFAO de réir an mhiondealaithe seo a leanas: EUR 500 milliún in 2017 agus ansin EUR 233.3 milliún in aghaidh na bliana don tréimhse 2018 go 2020.

2017/0247 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hinfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún[6],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] na rialacha coiteanna agus ginearálta is infheidhme maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[8] agus Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, rinne an Coimisiún athbhreithniú in 2016 ar leithdháiltí iomlána na mBallstát uile faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post do na blianta 2017 go 2020.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 agus Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, chuir an Coimisiún torthaí an athbhreithnithe faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa[9]. Luaitear sa

---

5 IO C […], […], lch. […].

6 IO C […], […], lch. […].

7 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle.

8 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa – Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais do 2017 i gcomhréir le gluaiseachtaí ollioncaim náisiúnta agus le coigeartú ar imchlúdaigh an bheartais comhtháthaithe (COM(2016) 311, 30.6.2016).

Teachtaireacht go bhfuil éagsúlacht charnach de níos mó ná +/- 5 % ann idir na leithdháiltí iomlána agus na leithdháiltí athbhreithnithe sa Bheilg, i bPoblacht na Seice, sa Danmhairg, san Eastóin, in Éirinn, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil, sa Chipir, san Ísiltír, sa tSlóivéin, sa tSlóvaic, san Fhionlainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe. Lena chois sin, luaitear go mbeidh an Chipir, i bhfianaise fhigiúirí ollioncam náisiúnta (OIN) *per capita* na tíre sin sa tréimhse 2012 go 2014, go mbeidh sí lán-incháilithe do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe ón 1 Eanáir 2017 amach.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 7(4) agus (5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 agus Airteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, déanfar leithdháiltí na mBallstát sin a choigeartú mar is gá, ar choinníoll nach mó ná EUR 4 billiún glanéifeacht iomlán na gcoigeartuithe sin.

(5) Sa mhéid gur imir an t-athbhreithniú tionchar ar mhiondealú bliantúil na n-acmhainní foriomlána a leithdháiltear ar na Ballstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh agus gur imir sé tionchar ar an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg (dá ngairtear 'TFAO' anseo feasta), cuireadh an t-athbhreithniú sin chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún[10].

(6) Is é glanéifeacht iomlán na gcoigeartuithe sin EUR 4 billiún a chur leis na hacmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Ba cheart an méadú sin a léiriú in Airteagal 91(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus ba cheart an tAirteagal sin a choigeartú, mar is gá.

(7) Ba cheart go gcoigeartófaí, mar is gá, na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus leithdháileadh na n-acmhainní sin ar réigiúin bheagfhorbartha, ar réigiúin trasdula, ar réigiúin níos forbartha, ar Bhallstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe agus ar na réigiúin is forimeallaí arna leagan amach in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, beidh na corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi na huasteorainneacha do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí sa chreat airgeadais ilbhliantúil (dá ngairtear 'CAI' anseo feasta) ina gCorrlach Foriomlán CAI le haghaidh oibleagáidí, a chuirfear ar fáil de bhreis ar na huasteorainneacha a bhunaítear in CAI do na blianta 2016 go 2020 le haghaidh cuspóirí beartais a bhaineann leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe an fhostaíocht i measc an ógra. Le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2017/1123 ón gComhairle[11], scriosadh teorannú na gcorrlach a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí do na blianta 2014

[10] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/190/AE lena leagtar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, agus miondealú bliantúil na n-acmhainní ón leithdháileadh sonrach don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg de réir an Bhallstáit, mar aon le liosta na réigiún atá incháilithe, agus na méideanna atá le haistriú as leithdháiltí gach Ballstáit ón gCiste Comhtháthaithe agus na Cistí Struchtúracha chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus chuig an gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí don tréimhse 2014 go 2020 (ar tugadh fógra ina leith faoi C(2016) 6909) (IO L 299, 5.11.2016, lch. 61).

[11] Rialachán (AE, Euratom) 2017/1123 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 163, 24.6.2017, lch. 1).

go 2017, rud a d'fhág go bhféadfaí síneadh a chur le TFAO go dtí 2020 agus go bhféadfaí EUR 1.2 billiún i bpraghsanna reatha a chur leis an leithdháileadh sonrach do TFAO don tréimhse 2017 go 2020. Ba cheart an leithdháileadh sonrach do TFAO arna leagan amach in Airteagal 91(1) agus Airteagal 92(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a choigeartú mar is gá, dá bhrí sin.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 94(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ghlac an Coimisiún togra a thíolaic an Danmhairg maidir le cuid dá leithreasuithe le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh a aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post. Ba cheart an t-aistriú sin a léiriú i leasú ar na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh in Airteagal 92(9) den Rialachán sin.

(10) De bhun nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, rinneadh EUR 11 216 187 326 i bpraghsanna reatha den leithdháileadh a cuireadh ar fáil do na Cistí Struchtúracha agus don Chiste Comhtháthaithe a aistriú, le Rialachán (AE, Euratom) 2015/623 ón gComhairle[12], chuig blianta ina dhiaidh sin. Rinneadh EUR 9 446 050 652 i bpraghsanna reatha den leithdháileadh a cuireadh ar fáil don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, suim nach bhféadfaí a ghealladh in 2014 ná a thabhairt anonn chuig 2015, rinneadh sin a aistriú chuig blianta ina dhiaidh sin. Ba cheart an t-aistriú sin a léiriú in Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ina leagtar síos an miondealú bliantúil ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí idir 2014 agus 2020.

(11) I bhfianaise na práinne a bhaineann le síneadh na gclár a thacaíonn le TFAO, ba cheart go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 91(1):

'1. Is EUR 329 978 401 458, i bpraghsanna 2011, a bheidh sna hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ar fáil le haghaidh ceangaltas buiséadach i leith na tréimhse 2014–2020, i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, arb ionann EUR 325 938 694 233 de agus na hacmhainní foriomlána arna leithdháileadh ar CFRE, ar CSE agus ar an gCiste Comhtháthaithe agus is ionann EUR 4 039 707 225 agus leithdháileadh sonrach do TFAO. Chun críocha cláreagraithe agus cur in áireamh ina dhiaidh sin i mbuiséad ginearálta an Aontais, déanfar méid na n-acmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a innéacsú de réir 2 % in aghaidh na bliana.';

2. Leasaítear Airteagal 92 mar a leanas:

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2015/623 ón gComhairle an 21 Aibreán 2015 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 103, 22.4.2015, lch. 1).

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Is é a bheidh sna hacmhainní maidir le sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post 96.09 % de na hacmhainní foriomlána (i.e., EUR 317 103 114 309 ar an iomlán) agus leithdháilfear í mar a leanas:

(a) 48.64 % (i.e., EUR 160 498 028 177 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha;

(b) 10.19 % (i.e., iomlán EUR 33 621 675 154) le haghaidh réigiúin trasdula;

(c) 15.43 % (i.e., EUR 50 914 723 304 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin níos forbartha;

(d) 20.01 % (i.e., iomlán EUR 66 029 882 135) le haghaidh Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe;

(e) 0.42 % (i.e., EUR 1 378 882 914 ar an iomlán) mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhallann na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Is é EUR 4 039 707 225 a bheidh sna hacmhainní do TFAO ón leithdháileadh sonrach i leith TFAO agus EUR 4 039 707 225 ar a laghad ó infheistíocht spriocdhírithe CSE.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

'9. Is 2.69 % de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó na Cistí don tréimhse 2014–2020 (i.e., EUR 8 865 148 841 ar an iomlán) a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh.';

3. Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

1.4. Cuspóirí

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.6. Fad agus tionchar airgeadais

1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

